Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13362/23
PV CONS 43
COMPET 914
IND 492
MI 782
RECH 415
ESPACE 61

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

25 Meán Fómhair 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13069/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 13139/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaí** ❶C 12714/23 + COR 1

**(a) Treoir maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú)**

12714/23 ADD 1
+ ADD 1 COR 1
**+ ADD 1 COR 2 (lt)**
**+ ADD 1 COR 3 (es)**

**(b) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún**

12714/23 ADD 2

*Cur chuige ginearálta*

D'fhormheas an Chomhairle Cur Chuige Ginearálta mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite.

**4.** **Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7)** ❶C 13084/23
*Cur chuige ginearálta*

D'fhormheas an Chomhairle Cur Chuige Ginearálta mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite. Tá ráitis ón Danmhairg, Éire agus an Iodáil i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Obair leantach tar éis na gConclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh maidir le hiomaíochas fadtéarmach agus táirgiúlacht an mhargaidh aonair, i bhfianaise na dteachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal '30 bliain den Mhargadh Aonair' agus 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais' 12678/23
*Díospóireacht bheartais*

**Aon ghnó eile**

**6.** **(a)** **Tuarascáil ó Fhóram Ibéir-Mheiriceánach na nGníomhaireachtaí Rialtais um Chosaint Tomhaltóirí (Maidrid, an 13 go dtí an 14 Meán Fómhair 2023)** 2 13181/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**b)** **Tograí reachtacha reatha** ❶C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i)** **Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr** 7808/22 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(ii) **Reachtaíocht chógaisíochta an Aontais ó thaobh na tionsclaíochta agus an iomaíochais de** 13166/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire agus na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na hOstaire agus na Gearmáine ar fáil.

---

An chéad léamh

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'B' A LEAGTAR AMACH**

**IN 13069/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7)**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG**

'Feictear don Danmhairg go bhfuil sé ríthábhachtach cáilíocht an aeir san Eoraip a fheabhsú. Tá ionchas saoil á laghdú ag droch-cháilíocht aeir do bhreis agus 300 000 saoránach Eorpach gach bliain. Cuireann sé brú ar ár scamhóga agus lagaíonn sé ár gcóras imdhíonachta. Agus is ar ghrúpaí leochaileacha – leanaí, daoine scothaosta agus daoine ar ioncam íseal – is mó a fhágtar lorg. Le linn buaicthráthanna tráchta, is é an trácht an phríomhfhoinse truaillithe ar ár sráideanna gnóthacha. Caol díreach san áit a mbíonn cónaí ar mhórán daoine, áit a mbíonn siad ag dul ar scoil, ag an obair agus áit a bíonn a ngnáthshaol laethúil á chaitheamh acu.

Ina theannta sin, feictear don Danmhairg go bhfuil gá le cur chuige cothrom chun cosaint an chomhshaoil agus shláinte shaoránaigh uile na hEorpa a chinntiú agus, ag an am céanna, tionscal soghluaisteachta na hEorpa a choinneáil ar thús cadhnaíochta san iomaíocht dhomhanda.

Creideann an Danmhairg gur bhain an togra ón gCoimisiún maidir le Euro 7 an chothromaíocht sin amach, agus tairbhí sláinte agus comhshaoil á gcruthú leis an togra, i gcomhréir 4:1, nach mór, leis an gcostas a bhí ag gabháil leo. Ar an drochuair, is mór an chéim ar gcúl é an cur chuige ginearálta maidir le huaillmhianta don tionchar comhshaoil agus sláinte, i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

Is trua, go háirithe, gur athraíodh an méid seo a leanas sa chur chuige ginearálta i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún;

- Cúlú ginearálta na dteorainnluachanna astaíochta agus na gceanglas tástála go dtí caighdeán Euro 6. Ní bheidh ar fheithiclí caighdeán na n-astaíochtaí a chomhlíonadh a thuilleadh maidir le pálasta íseal, fuar-thosú, teochtaí fuara etc.;
- Dianteorainneacha gaile atá á n-úsáid cheana féin sa tSín agus sna Stáit Aontaithe a scriosadh; agus
- Dátaí an teacht i bhfeidhm a chur siar roinnt blianta. I bhfianaise leibhéal uaillmhéine reatha an togra, tá sé an-deacair an t-údar atá leis an moill sin a fheiceáil.

Tacaíonn an Danmhairg le teorainneacha astaíochtaí maidir le boinn agus coscáin a chur san áireamh chomh maith le híoscheanglais maidir le ceallraí. Mar sin féin, tá na dátaí teacht i bhfeidhm do bhoinn socraithe ag 4 agus 6 bliana le hidirthréimhse 2.5 bliain agus tá na ceanglais maidir le ceallraí bunaithe ar mhargadh an lae inné. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh éifeachtaí na coda sin den rialachán le brath go dtí 2030.

Creideann an Danmhairg go daingean gur deis chaillte do reachtóirí é an cur chuige ginearálta maidir le Euro 7 chun iomaíochas thionscal gluaisteán na hEorpa a threisiú, agus, ag an am céanna, comhchuibhiú domhanda caighdeán níos fearr a chinntiú agus truailliú ó fheithiclí breosla iontaise a thruaillíonn an t-aer a laghdú go suntasach sna blianta atá le teacht.

Creideann an Danmhairg freisin go mbeadh comhréiteach cothrom tar éis cabhrú leis na Ballstáit an caighdeán cáilíochta aeir a bhfuiltear ag súil leis sna treoracha a bheidh ann amach anseo maidir le Cáilíocht an Aeir a bhaint amach. I mbeagán focal, is deis chaillte é seo chun cur chuige cothrom a fháil i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, ní féidir leis an Danmhairg tacú leis an gcur chuige ginearálta.'

## RÁITEAS Ó ÉIRINN

'Is comhad casta é Euro 7 a bhfuil impleachtaí leathana aige don tionscal agus do shaoránaigh an Aontais araon. Aithníonn Éire na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Uachtaránacht, agus an obair a rinneadh roimhe seo faoi Uachtaránacht na Sualainne, chun teacht ar réiteach indéanta agus cothrom ar riachtanais agus ar ábhair imní éagsúla na mBallstát. Leagamar béim, ón tús, ar an tábhacht a bhaineann leis na caighdeáin seo chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus chun an tsláinte phoiblí a chosaint, agus chuige sin tá sé tábhachtach go bhfeicfí iad á dtabhairt isteach a luaithe is féidir. De bhrí go bhfuil fhios aici go scoirfidh Parlaimint na hEorpa in 2024 staonfaidh Éire ón vótáil ar an gcur chuige ginearálta atá beartaithe a cuireadh faoi bhráid na Comhairle, ar mhaithe leis an gcomhad seo a chur chun cinn, ach ní mór dúinn a aithint nach go bhfuil cuid mhór de na hábhair imní a ardaíodh ag an meitheal nach bhfuil á léiriú sa téacs críochnaitheach seo.

Is ábhar díomá é nár coinníodh an uaillmhian réasúnta, insroichte a bhí sa bhuntogra ón gCoimisiún. Is ann cheana féin don teicneolaíocht agus don chumas chun teorainneacha níos déine a fhorchur agus tá siad á n-úsáid cheana féin i bpríomhgheilleagair iomaíocha mhonaraíochta gluaisteán na hEorpa. Creideann Éire go daingean gur deis chaillte é seo chun ceannaire margaidh a dhéanamh den Aontas maidir le feithiclí níos glaine le leibhéil níos ísle astaíochtaí agus go bhféadfadh go laghdófaí ar iomaíochas thionscal gluaisteán an Aontais laistigh de chúpla bliain dá bharr.

Cé nach gcuirfimid i gcoinne dul chun cinn an chomhaid, aithnímid gur tharraing cuid dár gcomhghleacaithe na saincheisteanna céanna sin anuas agus gur chinn siad vótáil ina choinne. Gan amhras, leanfaidh na Ballstáit uile de bheith rannpháirteach go réamhghníomhach sa chaibidlíocht agus de thacú le comhaontú cothrom gan díobháil don chomhshaol idir an Chomhairle agus an Pharlaimint de réir mar a bhogann muid tríd an gcéad chéim eile den phróiseas reachtach. Beidh sé ríthábhachtach na hábhair thábhachtacha a ardaíodh ag an meitheal a chur san áireamh agus a ardú arís leis an bParlaimint chun a chinntiú go gcabhróidh Euro 7 linn spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, go gcabhróidh sé leis an aer a análaímid a dhéanamh saor ó thruailleáin dhíobhálacha, agus go gcuideoidh sé linn ár dtionscal a choinneáil athléimneach agus iomaíoch ar fud an domhain.'

## RÁITEAS ÓN IODÁIL

'Gabhann an Iodáil buíochas le hUachtaránacht na Spáinne as an dianobair thaidhleoireachta a rinne sí. Níl aon amhras ach go bhfuil rath ar an téacs comhréitigh atá os ár gcomhair i gcomparáid leis na chéad chéimeanna a bhí i gceist sa togra le haghaidh an Rialacháin seo.

Is cinneadh ríthábhachtach é, ar mhaithe le freagracht pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta, sraith tairseacha a ailíniú leis na tairseacha a bunaíodh le Rialachán Euro 6 maidir le hinnill dócháin inmheánaigh agus astaíochtaí cáithníneacha, chomh maith le síneadh a chur leis na spriocdhátaí do theacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua. Tá an Iodáil suite de nach mór don Aontas díriú ar chuspóir an aistrithe dhúbailte ghlais agus dhigitigh, agus staonadh ó ualaí nua a fhorchur ar na monaróirí agus iarrachtaí breise a iarraidh orthu. D'fhéadfadh oibleagáidí nua a bheadh ann amach anseo aird an tionscail a bhaint ó choinneáil leis an gcuspóir maidir le léim theicneolaíoch, rud a lagódh iomaíochas an tionscail, agus a chuirfeadh leibhéil fostaíochta sna Ballstáit i mbaol.

Measann an Iodáil dá bhrí sin gur céim dhearfach sa treo ceart é an togra is déanaí agus tá muinín aici go bhfeabhsófar na pointí sin atá fós ríthábhachtach le linn na gcruinnithe tríthaobhacha. Measann sí go háirithe go bhfuil mórthionchar diúltach ar mhonaróirí ag an gcóras faireacháin feithicle ar bord, go háirithe i gcás feithiclí den chuid is saoire. Thairis sin, molann an Iodáil gan na ceanglais maidir le faireachán ar bord ar ídiú breosla agus fuinnimh a leathnú chuig gach cineál gléasra cumhachta.

Tá an Iodáil ag dul i muinín athailínithe ar mharthanacht astaíochtaí le caighdeáin an Rialacháin Euro 6 atá ann faoi láthair, chomh maith leis na ceanglais mharthanachta maidir le ceallraí tarraingthe. I gcás monaróirí ísealtáirgeachta, is den bhunriachtanas é go gcuirfí teacht i bhfeidhm an Rialacháin siar go dtí 2035, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le hastaíochtaí CO2.

Mar fhocal scoir, tá sé ríthábhachtach earnáil mótarfheithiclí an Aontais a chaomhnú agus tacú léi ó tharla í a bheith curtha chun féachana ag táirgeoirí tríú tíortha a fhaigheann buntáistí iomaíocha, a bhuí le fóirdheontais fhlaithiúla agus creataí rialála fabhracha, nach bhfuil i gcomhréir le caighdeáin an Aontais.

Tá an Iodáil tiomanta do leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach agus go freagrach sa treo seo, do na hoibrithe, don tionscal agus do shaoránaigh an Aontais.'